



## Folúntas: Ceann na Rannóige Cumarsáide agus Caidrimh Phoiblí Aonad: An tAonad Acmhainne Sláinte Poiblí agus Cumarsáide Tagairt: ECDC/AD/2017/PHC-HCCPR

Iarrtar ar iarrthóirí cur isteach ar an bpost thuasluaite mar Ghníomhaire Sealadach sa Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú (ECDC).

### Sainchuntas poist

Tuairisceoidh an sealbhóir poist go díreach do Cheann an Aonaid Acmhainne Sláinte Poiblí agus Chumarsáide, seachas i gcás comhairle straitéiseach, áit a dtuairisceoidh sé/sí go díreach don Stiúrthóir. Oibreoidh sé/sí i ndlúthchomhar le comhghleacaithe eile san aonad agus in ECDC i gcoitinne.

Beidh sé/sí freagrach as na réimsí oibre seo a leanas:

- Comhairle straitéiseach cumarsáide a chur ar fáil do Stiúrthóir ECDC;
- Straitéis cumarsáide nua ECDC a chur chun feidhme ina gcuirfear na meáin shóisialta ar áireamh;
- Gníomhaíochtaí laethúla cumarsáide seachtraí an Lárionaid a threorú ar fud gach cainéil chumarsáide, bunaithe ar an straitéis agus ar phleananna bliantúla cumarsáide atá comhaontaithe;
- Oibriú go dlúth leis an Stiúrthóir agus an Fhoireann Ardbhainistíochta chun clú ECDC a chothabháil agus a fheabhsú;
- Tacaíocht a chur ar fáil don eagraíocht, m.sh. trí fheachtais sláinte san Eoraip, go háirithe an Lá Eorpach um Fheasacht ar Antaibheathaigh a bhíonn ar siúl gach bliain;
- Tacú leis an gCoimisiún Eorpach agus na Ballstáit i réimse na cumarsáide riosca agus géarchéime i gcomhthéacs Chinneadh 1082/2013/AE maidir le bagairtí tromchúiseacha trasteorann ar an tsláinte;
- I ndlúth-theagmháil le comhpháirtithe inmheánacha, tacú le tíortha acmhainn a fhorbairt i réimse na cumarsáide riosca, lena n-áirítear athrú iompraíochta, go háirithe nuair a bhaineann sé le drogall vacsaíní a chur ar fáil/a thógáil agus úsáid stuama as antaibheathaigh;
- Dul i mbun caidrimh réamhghníomhaigh le geallsealbhóirí cumarsáide ECDC agus tacú le 'pobail chleachtais' a fhorbairt i réimse na cumarsáide;
- Bainistiú líne a dhéanamh ar na baill foirne sa rannóg agus cur chun feidhme phlean oibre agus bhuiséad na rannóige a bhainistiú;

- Ionadaíocht a dhéanamh do ECDC i líonraí agus cruinnithe idirnáisiúnta a bhaineann le cumarsáid.

## Na cáilíochtaí agus an taithí a theastaíonn

### A. Riachtanais fhoirmiúla

Chun a bheith i d'iarrthóir incháilithe, ní mór duit sraith ceanglas foirmiúil a chomhlíonadh. Is iad seo a leanas na riachtanais sin:

- AD 8: Taithí ghairmiúil 9 mbliana ar a laghad<sup>1</sup> (tar éis bhronnadh an dioplóma);
- Eolas críochnúil ar cheann amháin de theangacha na gComhphobal agus eolas sásúil ar theanga eile de chuid na gComhphobal, a mhéid is gá chun na dualgais a bheidh air/uirthi a chomhlíonadh<sup>2</sup>;
- A bheith ina náisiúnach de chuid Ballstáit AE nó de chuid na hIorua, na hÍoslainne nó Lichtinstéin;
- A bheith i dteideal a cheart nó a ceart iomlán mar shaoránach<sup>3</sup>;
- Aon oibleagáidí a fhorchuirtear leis na dlíthe is infheidhme ar sheirbhís mhíleata a bheith comhlíonta aige/aici;
- Na riachtanais charachtair a chomhlíonadh maidir leis na dualgais atá i gceist; agus
- Bheith corpacmhainneach chun na dualgais a bhaineann leis an bpost a chomhlíonadh.

### B. Critéir roghnúcháin

Tá *critéir riachtanacha* maidir le *taithí ghairmiúil* agus *tréithe pearsanta/scileanna idirphearsanta* sainaitheanta againn mar chritéir cháilitheacha don phost seo. Is iad sin:

*Taithí ghairmiúil/eolas:*

- Taithí ghairmiúil 5 bliana ar a laghad a gnóthaíodh i bpoist atá ábhartha don sainchuntas poist;
- Sáreolas, sárthuiscint agus taithí phraiticiúil ar úsáid a bhaint as raon leathan meán traidisiúnta agus meán sóisialta nua le haghaidh cumarsáide atá éifeachtach agus réamhghníomhach;
- Taithí ar straitéisí cumarsáide a fhorbairt agus a chur chun feidhme, lena n-áirítear iad sin atá dírithe ar a infheicthe atá eagraíocht a mhéadú;
- Taithí ar chaidreamh leis na meáin a stiúradh i gcásanna géarchéime/éigeandála;
- Taithí bainistíochta, lena n-áirítear saincheisteanna foirne, planáil, saincheisteanna buiséid;

---

<sup>1</sup> Cuirtear seirbhís mhíleata éigeantach san áireamh i ngach cás.

<sup>2</sup> Ina theannta sin, chun bheith incháilithe d'ardú céime trí nós imeachta bliantúil ardú céime, ní mór do bhaill foirne eolas oibre a bheith acu ar thríú teanga AE freisin, faoi mar a shonraítear sna Rialacháin Foirne agus na Rialacha Cur Chun Feidhme is infheidhme.

<sup>3</sup> Sula gceapfar é/í, iarrfar ar an iarrthóir rathúil deimhniú ó na póilíní a chur ar fáil, rud ina léireofar nach bhfuil aon taifead coiriúil ar bith aige/aici.

- Sárthuiscint ar Bhéarla scríofa agus labhartha.

*Tréithe pearsanta/scileanna idirphearsanta:*

- Sárscileanna cumarsáide mar aon le cumas láidir chun caidreamh a bhunú le daoine agus a suim a mhúscailt;
- Tuiscint mhaith ar chúrsaí polaitíochta agus ar shaincheisteanna atá fogair ó thaobh cúrsaí polaitíochta de;
- Réamhghníomhach agus dírithe ar spriocanna a bhaint amach;
- Cumas chun comhoibriú mar imreoir foirne agus tuairisceoirí díreacha agus fostaithe eile a threorú, a spreagadh agus a fhorbairt;
- Scileanna láidre eagrúcháin, cur chuige struchtúrtha maidir le tascanna agus an cumas chun tascanna a chur in ord tosaíochta.

*Tá an taithí agus na scileanna a bheadh ina mbuntáiste don phost aitheanta againn freisin. Is iad sin:*

- Taithí ar eolas cumarsáide a scaipeadh, lena n-áirítear oiliúint;
- Taithí ar obair a dhéanamh i réimse na sláinte poiblí;
- Taithí oibre a gnóthaíodh i suíomh idirnáisiúnta agus ilchultúrtha;
- Taithí agus eolas ar chumarsáid sláinte agus/nó athrú iompraíochta;
- Taithí léirithe sa soláthar poiblí agus bainistíocht conarthaí.

Ag brath ar an líon iarratas a gheofar, d'fhéadfadh go gcuirfeadh an coiste roghnóireachta riachtanais níos doichte i bhfeidhm laistigh de na critéir roghnúcháin atá luaite thuas.

## Ceapadh agus coinníollacha fostaíochta

Ceapfar an sealbhóir poist bunaithe ar ghearrliosta a mholfaidh an Coiste Roghnóireachta don Stiúrthóir. Is ar an bhfógra folúntais seo a bheidh an moladh ón gCoiste Roghnóireachta bunaithe. D'fhéadfadh go n-iarrfaí ar iarrthóirí trialacha scríofa a dhéanamh. Ba cheart d'iarrthóirí a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an togra a chur ar fáil go poiblí agus nach ionann ainm a bheith ar an ngearrliosta agus duine a earcú. Déanfar an gearrliosta iarrthóirí a ullmhú tar éis próiseas roghnúcháin oscailte.

Earcófar an t-iarrthóir rathúil mar Ghníomhaire Sealadach, de bhun airteagal 2f) de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile na gComhphobal Eorpach, ar feadh tréimhse cúig bliana. Féadfar an tréimhse sin a athnuachan ina dhiaidh sin. Ceapfar an t-iarrthóir rathúil chuig grád AD 8.

Ba cheart d'iarrthóirí a thabhairt dá n-aire go gceanglaítear le rialacháin foirne AE go gcuirfeadh gach ball foirne nua tréimhse phromhaidh i gcrích go rathúil.

Le haghaidh tuilleadh faisnéise a fháil faoi na coinníollacha conarthacha agus oibre, féach Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh eile na gComhphobal Eorpach, atá ar fáil ag an nasc seo a leanas:

[http://ecdc.europa.eu/en/aboutus/jobs/Documents/Staff\\_Regulations\\_2014.pdf](http://ecdc.europa.eu/en/aboutus/jobs/Documents/Staff_Regulations_2014.pdf)

Beidh an post lonnaithe i Stócólm, áit a gcuireann an Lárionad a chuid gníomhaíochtaí i gcrích.

## Liosta ionadaithe

D'fhéadfadh go ndéanfaí liosta ionadaithe a chruthú agus a úsáid chun críocha earcaíochta, sa chás go dtiocfadh folúntais den chineál céanna chun cinn. Beidh an liosta sin bailí go dtí an 31 Nollaig sa bhliain ina dtiteann an spriocdháta le haghaidh iarratas. Féadfar síneadh ama a chur leis an tréimhse sin.

## Nós imeachta chun iarratas a dhéanamh

Chun iarratas a chur isteach, seol iarratas comhlánaithe le do thoil chuig [Recruitment@ecdc.europa.eu](mailto:Recruitment@ecdc.europa.eu), agus tagairt an fholúntais agus do shloinne á lua go soiléir agat i líne ábhair an ríomhphoist.

Chun a chinntiú go mbeidh d'iarratas bailí, ní mór duit gach cuid riachtanach den fhoirm iarratais a chomhlánú. Ba cheart an fhoirm iarratais a chur isteach i bhformáid Word nó PDF. B'fhearr í a bheith comhlánaithe i mBéarla<sup>4</sup>. Measfar aon iarratais neamhiomlána a bheith neamhbhailí.

Is féidir an fhoirm iarratais ECDC a fháil ar ár láithreán gréasáin anseo: <https://ecdc.europa.eu/en/work-us/vacancies>

Tá an spriocdháta le hiarratais a chur isteach, tuilleadh faisnéise faoi stádas an nós imeachta roghnúcháin seo agus tuilleadh faisnéise faoin bpróiseas earcaíochta ar fáil ar ár láithreán gréasáin. Is féidir teacht ar an méid sin tríd an nasc thuas a leanúint.

Mar gheall ar an líon mór iarratas a gheofar, ní thabharfar fógra ach amháin d'iarrthóirí a dtabharfar cuireadh chun agallaimh dóibh.

---

<sup>4</sup> Rinneadh an fógra iarratais seo a aistriú go gach ceann de 24 theanga oifigiúla AE ón mbunleagan Béarla. Ós rud é gurb é Béarla an phríomhtheanga a úsáidtear in oibríochtaí laethúla na Gníomhaireachta, b'fhearr le ECDC an t-iarratas a fháil i mBéarla.